C/2025/1336

21.2.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Feabhra 2025

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe thar ceann na Cipire

(C/2025/1336)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas [1], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 23 Meán Fómhair 2024 [2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2024 go dtí an 24 Meán Fómhair 2026.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Evgenia PAPAGEORGIOU a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Cipire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Antonis KAFOUROS ina chomhalta malartach den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe in ionad Evgenia PAPAGEORGIOU ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DOMAŃSKI

---

[1] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

[2] CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE an 23 Meán Fómhair 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C, C/2024/5865, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5865/oj.